# Teangacha eile (Labhairt)

TEG B1: Aonad 13

## A. AG LABHAIRT FAOI CHUMAS TEANGA

**1.** Tá go leor bealaí éagsúla ann le cur síos a dhéanamh ar chumas teanga. Seo thíos cuid acu. An féidir leat gach frása Gaeilge thíos a cheangal leis an leagan Béarla cuí?

| | |
|---|---|
| 1. I have reasonably good Irish. | a. Tá Polainnis líofa aige. |
| 2. She speaks English very well. | b. Tuigim go leor ach nílim go maith ag labhairt. |
| 3. I'm learning German at the moment. | c. An bhfuil tú go maith ag teangacha? |
| 4. I'd like to improve my French. | d. Táim ag foghlaim na Gearmáinise faoi láthair. |
| 5. She speaks Italian badly. | e. Tá an Spáinnis ar a thoil aige. |
| 6. I understand a lot but I don't speak it very well. | f. Labhraím beagán Sínise. |
| 7. Are you good at languages? | g. Níl a cuid Iodáilis labhartha rómhaith. |
| 8. I speak a little Chinese. | h. Tá mo chuid Gaeilge réasúnta maith. |
| 9. He has fluent Polish. | i. Ba mhaith liom feabhas a chur ar mo chuid Fraincise. |
| 10. He has very good Spanish. | j. Tá a cuid Béarla labhartha fíormhaith. |

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |
| 6. | |
| 7. | |
| 8. | |
| 9. | |
| 10. | |

**2.** Anois, cuir an cheist seo ar roinnt daoine sa rang: **Cad iad na teangacha atá agat?** Siúil thart agus faigh eolas ó dhaoine eile faoi na teangacha atá acu – cár fhoghlaim siad na teangacha sin, cé chomh líofa is atá siad, an bhfuil ardscileanna labhartha, léitheoireachta, scríbhneoireachta agus tuisceana acu sna teangacha sin, agus eile.

| Ainm | Teanga(cha) | Líofacht, foghlaim, scileanna éagsúla (labhairt, scríobh, cluastuiscint, léamhthuiscint?) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AG FOGHLAIM TEANGACHA

Stór focal: Cuir Gaeilge ar na focail seo thíos a bheidh úsáideach agus tú ag plé foghlaim teangacha:

Difficult, challenging, easy, I find it easy,

I find it difficult, tricky, useful, useless,

learning aids, fluent, confident, lacking confidence…




Bí ag obair anois leis an duine in aice leat. Pléigí na ceisteanna seo thíos le chéile agus bí cinnte go bhfaigheann gach duine seans freagra a thabhairt ar an gceist sula mbogann sibh ar aghaidh go dtí an chéad cheann eile.

1. Cad iad na teangacha atá agat?
2. An dóigh leat go bhfuil tú go maith ag foghlaim teangacha? Cé na cleasa atá agat le focail nua a fhoghlaim?
3. Cé acu is deacra, dar leat – gramadach na Gaeilge nó gramadach an Bhéarla?
4. An ndearna tú cúrsa ar bith Gaeilge (nó teanga eile) roimhe seo taobh amuigh den chóras scolaíochta? Cén áit? Ar fhoghlaim tú mórán?
5. Cé chomh minic a dhéanann tú cleachtadh ar do chuid Gaeilge taobh amuigh de ranganna?
6. Ar thaitin an Ghaeilge leat ar scoil? Cén fáth? (***Thaitin/Níor thaitin***).
7. Cad é an cúrsa teanga is fearr a rinne tú riamh? Cén fáth?
8. Ar cheart go mbeadh an Ghaeilge éigeantach sa chóras oideachais?
9. An gceapann tú gur cheart teangacha eile a mhúineadh sa bhunscoil?
10. Cad iad na rudaí a dhéanann tú lasmuigh den chúrsa seo chun feabhas a chur ar do chuid Gaeilge?

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# LABHAIRT (RÓLGHNÍOMHAÍOCHT)

- Cuirfidh an múinteoir an grúpa ag obair i mbeirteanna agus tabharfar Ról A nó Ról B do gach duine.
- Beidh tú féin agus do phairtnéir ag déanamh cúrsaí teanga sa samhradh. Tá an t-eolas faoi do chúrsa féin sa chárta thíos.
- Tá nóiméad amháin agat anois leis an eolas a léamh.
- Cuirfidh do chara ceisteanna ort anois faoin gcúrsa agus tabhair freagra air/uirthi bunaithe ar an eolas thíos. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú forbairt ar do chuid freagraí agus go dtabharfaidh tú oiread eolais agus is féidir.
- Nuair a bheidh na freagraí tugtha agatsa, is é do bhabhta é ansin na ceisteanna a chur ar do phairtnéir.
- Bí cinnte go gcuireann tú ceisteanna iomlána struchtúrtha.

| Ról A: Cúrsa Spáinnise | |
|---|---|
| **Ionad** | Ollscoil – deisceart – cósta |
| **Cathain / Fad** | 10 lá - Iúil |
| **Lóistín** | ag fanacht le teaghlach - seomra aonair |
| **Costas** | Eitilt (€300) – Cúrsa (€500) – Lóistín (€250) |
| **Le déanamh ann?** | maidin: ranganna teanga<br>tráthnóna: siúl – trá – spórt – snámh – ealaíon (báisteach!)<br>oíche: bialann, rince, ceol |
| **Le déanamh roimhe?** | Bagáiste - pas – cúram a shocrú don mhadra |

| Ról B: Cúrsa Gearmáinise | |
|---|---|
| **Ionad** | Scoil chónaithe – cathair – lár tíre |
| **Fad** | coicís - Lúnasa |
| **Lóistín** | sa scoil – seomra roinnte – foghlaimeoir eile |
| **Costas** | €1200 (gach rud) |
| **Le déanamh ann?** | maidin: ranganna agus aclaíocht<br>tráthnóna: turas sa chathair – ealaíon – spórt<br>oíche: bialann, cluichí, ceol |
| **Le déanamh roimhe?** | Éadaí – gruaig - garraíodóireacht |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

| San aonad seo, d'fhoghlaim mé: | | 😊 | 😐 | ☹️ |
|---|---|---|---|---|
| 1. | | | | |
| 2. | | | | |
| 3. | | | | |
| 4. | | | | |
| 5. | | | | |
| 6. | | | | |
| 7. | | | | |
| 8. | | | | |

| Ceist(eanna) atá agam go fóill: |
|---|
| |

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad